

Oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin (OSF):

Feidhmíonn an Gníomhaireacht faoi cheannaireacht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin chun a misean agus a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Tá Oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin (OSF) freagrach as tacú leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin chun cinntí eolasacha agus iontaofa a dhéanamh, tosaíochtaí oibre a shocrú agus acmhainní a leithdháileadh go héifeachtúil.

Tacaíonn OSF leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freisin in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta. Is é OSF atá freagrach as an méid seo a leanas, go háirithe:

- Córas cuntasáíochta na Gníomhaireachta a chur ar bun, a chothabháil agus a rialú;
- Saineolas agus sainchomhairle a sholáthar agus maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí dlí go léir;
- Maoirseacht a dhéanamh ar an staid maidir le Neamhchomhréireachtaí agus Coinbhleacht Leasa;
- Gníomhaíochtaí nuálaíochta agus teicneolaíochta a chomhordú.